**Achtanna um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus 2001**

**Dearbhú Reachtúil**

***[Alt 25 den Acht um Chaighdeáin in Oifig Poiblí 2001]***

Dearbhaím go sollúnta agus go dáiríre, mise, *(ainm)* gur, de réir m'eolais agus mo chreidimh, táim i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a shonraítear in alt 25(1) den Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001 (mar atá faoi * thíos), agus nach gcuireann aon ní in alt 25(2) den Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001 (mar atá faoi ** thíos), cosc ar dheimhniú glantacháin cánach a eisiúint chugam, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach, ag creidiúint gurb amhlaidh atá, de bhun an Achta um Dhearbhuithe Reachtúla, 1938.

**Sínithe:** ..........................................

Arna dhearbhú os mo chomhairse *(ainm an fhinné i gceanntitreacha)* .........................................., [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [coimisinéir síochána] [aturnae cleachtach] ........................................................ *(ainm an duine a dhéanann an dearbhú)*......................................... ar duine é atá aithne phearsanta agam air/uirthi, **nó**

a aithnítear domsa ag......................................... arb eol domsa go pearsanta, **nó**

ar bunaíodh a (h)aitheantas dom sula ndearnadh an dearbhú seo trína (h)aitheantas a chur ar fáil dom is é sin

- Uimh. an phas ................... arnaeisiúint ar ...................... ag údaráis*(stát eisiúna)* ...................., ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann, **nó**,
- Uimh. an chárta aitheantais náisiúnta ............................... eisithe ar*(dáta eisiúna)* ................................ ag údaráis *(an stáit eisithe)* .............................., is Ballstát den AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach leis an gComhaontú LEE é, **nó,**
- Pas eachtrannaigh Uimh. ................ arna eisiúint ar *(dáta eisiúna)*ag údaráis *(stát eisiúna)* ..................... ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann, **nó**,
- uimh. doiciméid taistil dídeanaí ............................... eisithe ar *(dáta eisiúna}* ............................... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, **nó**,
- Doiciméad taistil Uimh. (seachas doiciméad taistil do dhídeanaithe) arna eisiúint ar *(dáta eisiúna)*................ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

ag *(áit an tsínithe)* ..........................................

an ............. lá de ....................................,........... *(dáta)*

**Sínithe........................................** *(síniú an fhinné)*

** Alt 25(1) – Faoi réir fhorálacha an ailt seo, i gcás duine atá i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear air nó uirthi leis na hAchtanna (is é sin, na hAchtanna Cánach; an tAcht um Cháin Fháltais Caipitil, 1976, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin; na hAchtanna um Cháin Gnóthachan Caipitil; agus an tAcht um Cháin Bhreisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin) maidir le –*

*(a) íocaíocht nó tarchur aon chánacha, úis nó pionós is gá a íoc nó a tharchur faoi na hAchtanna chuig na Coimisinéirí Ioncaim, agus*

*(b) seachadadh aon tuairisceán is gá a dhéanamh faoi na hAchtanna,*

*déanann sé nó sí iarratas chuig an mBailitheoir Ginearálta san fhoirm a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin chun críocha alt 23 ..., eiseoidh an Bailitheoir Ginearálta don duine deimhniú (dá ngairtear "deimhniú glantacháin cánach " san Acht seo) lena dheimhnítear go bhfuil an duine, tráth eisiúna an deimhnithe, i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí sin.*

*** Alt 25(2) – Ní eiseofar deimhniú glantacháin cánach do dhuine mura –*

*(a) an duine, agus*

*(b) más comhalta de chomhpháirtíocht é nó í an duine, nó más comhalta a bhí ann nó inti, maidir leis an tréimhse a raibh an duine ina chomhalta, an chomhpháirtíocht,*

*atá i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar an duine agus ar an gcomhpháirtíocht leis na hAchtanna maidir leis na nithe a shonraítear i míreanna (a) agus (b) d'alt 25(1) thuas.*

*[Is féidir, ar chiontú, fineáil suas le €3,000 agus/nó príosúnacht suas le 6 mhí a ghearradh mar phionós as dearbhú reachtúil bréagach a dhéanamh.]*